



Ceapann tú go bhfuil  
fadhb agatsa?

(Cad is fadhb ann?)

# Réiteach Fadhbanna




## CL3.1 - Réiteach Fadhbanna

Léigh síos trí na ceisteanna soláthraithe agus cuir ticeanna sna boscaí cuí ag léiriú cé acu, i do thuairim, is gnásúil nó réiteach fadhbanna iad.

TSGL 2008 C1 (c) (i)	Gnásúil	
	Réiteach Fadhbanna	

Tá dhá shlios chomhionanna chomhthreomhara [pq] agus [sr] i gconair lúthchleasaíochta mar aon le dhá fhoirceann leathchiorclacha chomhionanna ar trastomhais dóibh [ps] agus [qr]. Tá  $|pq| = |sr| = 153$  méadar, agus  $|ps| = |qr| = 30$  méadar.



**Cuir tic i gceann de na boscaí**

Agus tú ag glacadh le  $\pi$  mar 3.14 ríomh fad ceann amháin de na foircinn leathchiorclacha,

# Aischothú ar ghníomhaíocht



Exam	Question	Procedural	Problem solving
JCOL 2008	Q1 (c) (i)	100%	0%
	Q1 (c) (ii)	82%	18%
	Q1 (c) (iii)	27%	73%
LCOL 1997	Q1 (c) (i)	18%	82%
	Q1 (c) (ii)	0%	100%
LCHL 2006	Q5 (b) (i)	9%	91%
	Q5 (b) (ii)	0%	100%
JCHL 2005	6 (c) (i)	0%	100%
	6 (c) (ii)	27%	73%
PMPCHL SAMPLE 2010	Q8 (a)	0%	100%
	Q8 (b)	0%	100%
JCHL 2008	4 (c) (i)	82%	18%
	4 (c) (ii)	82%	18%
	4 (c) (iii)	55%	45%
	4 (c) (iv)	63%	37%

# TS AL 2008



Roinneadh duais €2000 i gclub lató go cothrom idir  $x$  duine seachtain amháin.

(i) Scríobh síos slonn in  $x$  don mhéid a fuair gach aon duine acu.

An tseachtain dár gcionn, roinneadh an duais €2000 go cothrom idir  $x + 1$  duine.

(ii) Scríobh síos slonn in  $x$  don mhéid a fuair gach aon duine acu an tseachtain sin.

Sa dara seachtain fuair gach aon duaiseoir €100 níos lú.

(iii) Scríobh síos cothromóid in  $x$  chun an t-eolas thuas a léiriú.

(iv) ✍ Réitigh an chothromóid seo chun luach  $x$  a fháil.

# TS AL 2008



*roinnt*

Roinneadh duais €2000 i gclub lató go cothrom idir  $\hat{x}$  duine seachtain amháin.

(i) Scríobh síos slonn in  $x$  don mhéid a fuair gach aon duine acu.

*an líon céanna agus*

An tseachtain dár gcionn, roinneadh an duais €2000 go cothrom idir *duine amháin sa bhreis*

(ii) Scríobh síos slonn in  $x$  don mhéid a fuair gach aon duine acu an tseachtain sin.

Sa dara seachtain fuair gach aon duaiseoir €100 níos lú.

(iii) Scríobh síos cothromóid in  $x$  chun an t-eolas thuas a léiriú.

*Idir cá mhéad duine a roinneadh an duais an chéad seachtain?*

(iv) Réitigh an chothromóid seo chun luach  $x$  a fháil.

# TS AL 2006



Caithfidh feirmeoir burlaí féir a thabhairt dá chuid beithíoch ar feadh 90 lá. Tugann sé 540 burla féir do na beithígh in imeacht roinnt laethanta.  $x$  burla sa lá an meántomhaltas féir le linn na tréimhse sin.

(i) Scríobh slonn in  $x$  do líon na laethanta a thógfaidh sé an 540 burla a ídiú.

Má mhéadaítear an meántomhaltas de 1 bhurla amháin ídeofar 300 burla sna laethanta a bheidh fágtha.

(ii) Scríobh slonn in  $x$  do líon na laethanta a thógfaidh sé an 300 burla a ídiú.

(iii) Bain feidhm as an bhfaisnéis thuas agus scríobh cothromóid in  $x$ .

(iv) Réitigh an chothromóid sin chun luach  $x$  a fháil mar aon le líon na laethanta a thógfaidh sé an chéad 540 burla a ídiú.


# AT AL Sample 2010

Teastaíonn ó bheirt suirbhéirí airde piolón leictreachais a fháil amach. Tá claí timpeall an phiolóin nach féidir leo a thrasnú ar chúiseanna sábháilteachta. Tá an talamh ar claonadh. Tá claonmhéadar agus téip tomhais 100 méadar ar fad acu. Cheana féin bhain siad úsáid as an gclaonmhéadar chun a fháil amach go bhfuil an talamh claonta ar uillinn  $10^\circ$  leis an gcothromán.

(a) Míniú conas a gheobhaidís airde an phiolóin.



Ba chóir do fhreagra a léiriú ar an léaráid thíos. Taispeáin na pointí ar chóir dóibh tomhais a dhéanamh iontu, dar leat, agus scríobh síos go soiléir na tomhais ba chóir dóibh a dhéanamh.



# Pointí as an Tuairisc Thrialach

Níor freagraíodh an cheist seo go maith. Dheallraigh sé nach raibh scoláirí **taithíoch ar a n-eolas matamaiticiúil a chur i bhfeidhm mar seo**. Ní raibh an triantánacht a bhí i gceist casta agus bheifí ag súil leis go mbeadh sí go maith ar chumas scoláirí réasúnta ábalta. Ag an bpointe seo, áfach, is léir gur beag an taithí atá ag scoláirí ar phleanáil ná ar thabhairt faoi ghníomhaíochtaí allamuigh ná ar phlé a dhéanamh ar phraiticiúlachtaí an triantánacht a úsáid chun fadhbanna réadúla a réiteach.



# Cad iad na tréithe a bhaineann le ceisteanna maidir le réiteach fadhbanna?



CL3.2 - *Liostaigh 3 thréith a bhaineann le ceisteanna réiteach fadhbanna*

1.

---

---

2.

---

---

3.

---

---

*“Is é atá i réiteach fadhbanna ná fadhbanna neamhghnáthúla a réiteach ag baint úsáide as scileanna atá agat nó a ghnóthaíonn tú agus tú ag lorg réitigh ar fhadhb a cheap tú a bheith do-réitithe i dtús báire.”*



Nuair a léann tú ceist.....

Agus, ar dtús, nach féidir leat do bhealach go deireadh na faidhbe a fheiceáil,

Tóg an chéad chéim:

Tarraing léaráid nó scríobh amach an méid atá ar eolas agat.....

Agus bíodh dóchas agat go léireoidh an freagra é féin duit.

